Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Aibreán 2021**
**(OR. en)**

**7668/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2014/0008(NLE)**

**AVIATION 71**
**RELEX 282**
**OC 9**
**NIS 5**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Aibreán 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 158 final |
| Ábhar: | Togra leasaithe le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus an Úcráin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 158 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 158 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.4.2021
COM(2021) 158 final

2014/0008 (NLE)

Togra leasaithe le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus an Úcráin**

**MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN**

An 15 Aibreán 2014, ghlac an Coimisiún le togra maidir le cinneadh ar shíniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus an Úcráin (COM(2014)18 final) agus chuir sé faoi bhráid na Comhairle ina dhiaidh sin é.

Leasaítear leis an togra reatha an togra thuasluaite ar an mbealach a leanas agus ar na cúiseanna a leanas.

Ar an gcéad dul síos, tar éis do Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann imeacht ón Aontas agus tar éis dheireadh na hidirthréimhse tá idirbheartaíocht déanta ar oiriúnuithe áirithe leis an gComhaontú, eadhon an Ríocht Aontaithe a bhaint mar shínitheoir leis an gComhaontú agus tagairtí do Ghiobráltar a bhaint den sainmhíniú ar an gcríoch ann. D'aontaigh an Úcráin leis na hoiriúnuithe sin.

Ina theannta sin, moltar leasuithe áirithe ar an gcinneadh, go háirithe (i) d'fhonn an Coimisiún a údarú le seasamh an Aontais maidir le cinntí áirithe an Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú a ghlacadh, agus (ii) an cinneadh a oiriúnú do bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 28 Aibreán 2015 i gCás C-28/12.

Thairis sin, moltar roinnt leasuithe de chineál eagarthóireachta.

D'fhonn scrúdú na Comhairle a éascú, déantar an téacs ábhartha ina iomláine a chur isteach mar thogra leasaithe.

2014/0008 (NLE)

Togra leasaithe le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus an Úcráin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus go háirithe Airteagal 100(2), i dteannta Airteagal 218(5) agus (7) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an méid seo a leanas

(1) An 12 Nollaig 2006, d'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún tús a chur caibidlíocht leis an Úcráin maidir leis an gComhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus an Úcráin (an 'Comhaontú'). De thoradh na caibidlíochta sin, cuireadh inisealacha leis an gcéad leagan den Chomhaontú an 28 Samhain 2013.

(2) Tar éis don Ríocht Aontaithe imeacht ón Aontas Eorpach agus tar éis dheireadh na hidirthréimhse dá bhforáiltear in Airteagail 126 agus 127 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, rinneadh idirbheartaíocht ar oiriúnuithe. Eadhon, baineadh an Ríocht Aontaithe mar shínitheoir leis an gComhaontú agus baineadh tagairtí do Ghiobráltar sa sainmhíniú ar 'chríoch' ann. D'aontaigh an Úcráin leis na hathruithe sin an 30 Deireadh Fómhair 2020.

(3) Ba cheart an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir a chur i gcrích ar dháta níos déanaí.

(4) D'fhonn tairbhí an Chomhaontaithe a thabhairt a luaithe agus is féidir, ba cheart é a chur i bhfeidhm go sealadach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Faomhtar leis seo síniú an Chomhaontaithe um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus an Úcráin, thar ceann an Aontais, faoi réir an Chomhaontaithe sin a thabhairt i gcrích.

Tá téacs an Chomhaontaithe atá le síniú ceangailte leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Bunóidh Ardrúnaíocht na Comhairle an ionstraim lánchumhachtaí chun an Comhaontú a shíniú, faoi réir an Comhaontú a thabhairt chun críche, do na daoine a thugann idirbheartaí an Chomhaontaithe le fios.

*Airteagal 3*

Cuirfear an Comhaontú i bhfeidhm go sealadach i gcomhréir le hAirteagal 38(3) de, go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

*Airteagal 4*

Tá an Coimisiún údaraithe chun an seasamh atá le glacadh ag an Aontas a ghlacadh maidir le cinntí an Chomhchoiste faoi Airteagal 15(3) den Chomhaontú chun Iarscríbhinn I a ghabhann leis a leasú trí reachtaíocht an Aontais a chomhtháthú san Iarscríbhinn sin, faoi réir aon choigeartuithe teicniúla riachtanacha, tar éis comhairliúchán a dhéanamh le Coiste Speisialta arna cheapadh ag an gComhairle.

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
*[...]*